CINNEADH (CBES) 2021/14 ÓN gCOMHAIRLE

an 7 Eanáir 2021

lena leasaítear Cinneadh 2014/219/CBES maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Aibreán 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/219/CBES maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) ([1]).

(2) An 21 Feabhra 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/312 ([2]), lenar cuireadh síneadh le EUCAP Sahel Mali go dtí an 14 Eanáir 2021.

(3) An 13 Bealtaine 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/762 ([3]), lena ndearnadh coigeartú ar shainordú EUCAP Sahel Mali chun rannchuidiú le gníomhaíocht CBSC sa tSaiheil a réigiúnú agus lenar bunaíodh Aonad Réigiúnach um Chomhairle agus Comhordú (RACC).

(4) An 14 Bealtaine 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/652 ([4]), lenar méadaíodh méid tagartha airgeadais EUCAP Sahel Mali don tréimhse go dtí an 14 Eanáir 2021.

(5) An 13 Deireadh Fómhair agus an 5 Samhain 2020, faoi seach, i gcomhthéacs an Athbhreithnithe Straitéisigh ar EUCAP Sahel Mali, mhol an Coiste Polaitiúil agus Slándála go gcuirfí síneadh le EUCAP Sahel Mali go dtí an 31 Eanáir 2023 agus go ndéanfaí a shainordú a choigeartú.

(6) Ba cheart Cinneadh 2014/219/CBES a leasú dá réir.

(7) Cuirfear EUCAP Sahel Mali i gcrích i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul i ndonas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2014/219/CBES mar a leanas:

(1) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Chun tacú le dinaimic Mhailí maidir le húdarás Stáit a athbhunú, chomh maith le cur chun feidhme an Chomhaontaithe ar son na Síochána agus an Athmhuintearais i Mailí, a síníodh an 15 Bealtaine agus an 20 Meitheamh 2015 agus i ndlúthchomhar le gníomhaithe idirnáisiúnta eile, go háirithe Misean Ilghnéitheach Comhtháite Cobhsúcháin na Náisiún Aontaithe i Mailí (MINUSMA), tabharfaidh EUCAP Sahel Mali cúnamh agus comhairle do CSI maidir le cur chun feidhme athchóiriú na hearnála slándála faoi stiúir Rialtas Mhailí, agus é mar aidhm leo an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) éifeachtúlacht oibríochtúil ISF a fheabhsú;

(b) slabhraí ordlathais ISF faoi seach a athbhunú trí bhainistiú níos comhleanúnaí ar acmhainní;

([1]) IO L 113, 16.4.2014, lch. 21.

([2]) Cinneadh (CBES) 2019/312 ón gComhairle ar an 21 Feabhra 2019 lena leasaítear Cinneadh 2014/219/CBES maidir le misean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) agus lena gcuirtear síneadh leis (IO L 51, 22.2.2019, lch. 29).

([3]) Cinneadh (CBES) 2019/762 ón gComhairle an 13 Bealtaine 2019 lena leasaítear Cinneadh 2014/219/CBES maidir le misean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (IO L 125, 14.5.2019, lch. 18).

([4]) Cinneadh (CBES) 2020/652 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2020 lena leasaítear Cinneadh 2014/219/CBES maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) (IO L 153, 15.5.2020, lch. 5).

(c) ról na n-údarás breithiúnach agus riaracháin a threisiú a mhéid a bhaineann le bainistiú agus maoirseacht a gcuid misean, rud a chuideoidh le héilliú agus le saoirse ó phionós a chosc;

(d) ath-imlonnú CSI chuig lár Mhailí a éascú; agus

(e) tacaíocht a thabhairt, de réir a chéile, i bpróiseas modúlach, d'ath-imlonnú údaráis riaracháin shibhialta Mhailí chuig lár Mhailí, bunaithe ar phrionsabail an dea-rialachais.";

(2) in Airteagal 14(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

"Is é EUR 89 100 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá ceaptha an caiteachas a bhaineann le EUCAP Sahel Mali a chumhdach idir an 15 Eanáir 2021 agus an 31 Eanáir 2023.";

(3) In Airteagal 14a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Is iad seo a leanas na cuspóirí a bheidh ag RACC, i ndlúthchomhar le Misin CBSC atá ann cheana sa tSaiheil:

(a) feabhas a chur ar an gcomhar agus an comhordú idir struchtúir G5 na Saiheile agus tíortha G5 na Saiheile d'fhonn feabhas a chur ar an gcomhar réigiúnach agus ar na cumais oibríochtúla i réimse na cosanta agus na slándála, i gcomhlíonadh an dlí idirnáisiúnta, chearta an duine agus Chur Chuige Straitéiseach an Aontais maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil a leag an Chomhairle amach ina conclúidí an 10 Nollaig 2018;

(b) d'fhonn acmhainneachtaí náisiúnta thíortha G5 na Saiheile a threisiú, réigiúnú gníomhaíocht CBSC a ullmhú agus tacaíocht a thabhairt di;

(c) mar thaca le Toscaireachtaí an Aontais i dtíortha G5 na Saiheile agus le rúnaíocht na Comhpháirtíochta le haghaidh Cobhsaíochta agus Slándála sa tSaiheil (P3S), eagrú an bhailithe agus na comhroinnte faisnéise le comhpháirtithe uile G5 na Saiheile a éascú agus tacú leis an mbailiú agus leis an gcomhroinnt sin.";

(4) in Airteagal 18, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

"Beidh feidhm aige go dtí an 31 Eanáir 2023.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 15 Eanáir 2021.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 7 Eanáir 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A.P. ZACARIAS